AN ROINN TAILTE.

FO-ROINN IASCAIGH.

NA hACHTANNA IASCAIGH, 1959 AGUS 1962.

FODHLÍ UIMH. 512.

CEANTAR UIMH. 2 nó CEANTAR LOCH GARMAN.

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 9 den Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959 (Uimh. 14 de 1959), agus leis an Ordú Iascaigh (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 1961 (I.R. Uimh. 258 de 1961), déanaimse, BRIAN Ó LUINEACHÁIN, Rúnaí Parlaiminte an Aire Tailte, leis seo an Fodhlí seo a leanas :—

1. Fodhlí Abhainn na Sláine (Duánacht) Uimh. 512, 1963, is teideal don Fhodhlí seo.

2. Toirmisctear leis seo duánacht ina n-oibrítear aon bhaoite seachas cuil bhréige a dhéanamh, i rith na dtréimhsí a shonraítear, sna codanna seo a leanas d'Abhainn na Sláine agus ina cuid craobh-abhann a shníonn isteach sna codanna sin :

(*a*) idir Droichead Scairbh Sholais agus Droichead Áth Fadhat ón 1ú lá d'Aibreán, 1963, go dtí an lá sa bhliain sin díreach roimh an lá is tús don séasúr coiscthe bliantúil i leith duánacht bhradán nó don séasúr coiscthe bliantúil i leith duánacht bhreac (de réir mar a bheidh) is infheidhme ar na huiscí sin ;

(*b*) suas an sruth ó Droichead Áth Fadhat ón 1ú lá de Bhealtaine, 1963, go dtí an lá sa bhliain sin díreach roimh an lá is tús don séasúr coiscthe bliantúil i leith duánacht bhradán nó don séasúr coiscthe bliantúil i leith duánacht bhreac (de réir mar a bheidh) is infheidhme ar na huiscí sin.

ARNA THABHAIRT faoi mo láimh an 27ú lá seo d'Fheabhra, 1963.

BRIAN Ó LUINEACHÁIN,
Rúnaí Parlaiminte an Aire Tailte.

[12]



DEPARTMENT OF LANDS.

FISHERIES DIVISION.

FISHERIES ACTS, 1959 AND 1962.

BYE-LAW No. 512.

No. 2 or WEXFORD DISTRICT.

I, BRIAN Ó LUINEACHÁIN, Parliamentary Secretary to the Minister for Lands, in exercise of the powers conferred on me by section 9 of the Fisheries (Consolidation) Act, 1959 (No. 14 of 1959), and the Fisheries (Delegation of Ministerial Functions) Order, 1961 (S.I. No. 258 of 1961), hereby make the following Bye-law :—

1. This Bye-law may be cited as the River Slaney (Angling) Bye-law No. 512, 1963.

2. Angling in which any lure other than artificial fly is employed is, during the periods specified, hereby prohibited in the following portions of the River Slaney and in its tributaries which flow into those portions :

(*a*) between Scarawalsh Bridge and Aghade Bridge, from the 1st day of April, 1963, to the day immediately preceding the commencement in that year of the annual close season for angling for salmon or the annual close season for angling for trout (as the case may be) applicable to those waters ;

(*b*) upstream of Aghade Bridge, from the 1st day of May, 1963, to the day immediately preceding the commencement in that year of the annual close season for angling for salmon or the annual close season for angling for trout (as the case may be) applicable to those waters.

GIVEN under my hand, this 27th day of February, 1963.

BRIAN Ó LUINEACHÁIN,
Parliamentary Secretary to the Minister for Lands.

[12]

---

The version of this Instrument in the Irish language, prepared officially, is printed on the opposite page.